CAIBIDIL 4

AN COIMISIÚN MEABHAIR-SHLÁINTE: ANAILÍS AR FHAISNÉIS AR SHEIRBHÍSÍ MEABHAIR-SHLÁINTE (AFSM)

ANAILÍS AR FHAISNÉIS AR SHEIRBHÍSÍ MEABHAIR-SHLÁINTE (AFSM)

RÉAMHRÁ

Cuireann an chuid seo den Tuarascáil Bhliantúil anailís i láthair ar fhaisnéis a bhfuair an Coimisiún Meabhair-Shláinte ó ionaid formheasta (aonaid aosach) i 2007 le cabhrú lena fheidhmeanna reachtúla a bhaint amach. Tá dhá fhochuid sa chuid seo den tuarascáil:

1. faisnéis faoin daonra

2. faisnéis ó áireamh bliantúil na n-othar cónaitheach i 2007

1. FAISNÉIS FAOIN DAONRA

Tá faisnéis chruinn ar an daonra mar an mbunchloch maidir le táscairí a sholáthar agus a úsáid chun monatóireacht a dhéanamh ar sheirbhísí meabhair-shláinte in Éirinn.

Cuireadh Daonáireamh 2006 (CSO), daonraí cheantair bheaga (DCB), ar fáil i 2007 agus tá táblaí curtha san áireamh ag an gCoimisiún do Réigiúin Riaracháin FSS arna bhfoilsiú ag an CSO. Tá na táblaí seo úsáideach chun anailís a dhéanamh ar shonraí meabhair-shláinte in Éirinn.

Ba é 4,239,848 duine daonra iomlán na hÉireann, Daonáireamh an CSO 2006 (Tábla 4.1). Tá Daonáireamh Náisiúnta 2006 le fáil ón bPríomh-Oifig Staidreamh (CSO) nó óna láithreán gréasáin, http://www.cso.ie.

Taispeánann Tábla 4.1 thíos daonra Dhaonáireamh 2006 faoi bhun 18 bliana, os cionn 18 bliana agus an daonra iomlán laistigh de cheithre limistéir riaracháin Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS).

Tábla 4.1: Daonáireamh an CSO 2006 – Daonra de réir Cheantar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Ceantair Riaracháin FSS	Daonra <18	Daonra >=18	Daonra Iomlán
FSS Bhaile Átha Cliath Laighean Láir	290,493	926,355	1,216,848
FSS Bhaile Átha Cliath Thoir Thuaidh	226,042	702,577	928,619
FSS an Deiscirt	267,849	814,119	1,081,968
FSS an Iarthair	251,650	760,763	1,012,413

Éire	1,036,034	3,203,814	4,239,848

Daonáireamh 2006 (CSO)

Ríomhann an CSO an daonra ar bhonn Toghranna, nach gcomhfhreagraíonn i gcónaí leis na habhantracha meabhair-shláinte, toisc go roinneann abhantracha áirithe Toghranna. Bíonn tionchar aige seo ar chruinneas na rátaí atá sainiúil d'aois de réir na habhantraí agus mar sin cuirtear figiúirí daonra i láthair de réir Cheantar Riaracháin FSS amháin agus ní de réir na habhantraí meabhair-shláinte.

CONAS MAR A LÉIRÍTEAR RÁTAÍ DAONRA

Toisc athrú sna sainmhínithe a tugtar ar leanbh agus dhuine fásta faoin Acht Meabhair-Shláinte 2001 ríomhtar na rátaí go léir do dhaonraí daoine fásta anois bunaithe ar an daonra atá in aois 18 bliana agus os a chionn (Alt 2 den Acht Meabhair-Shláinte 2001, ciallaíonn "leanbh" duine faoi bhun 18 bliain d'aois ach amháin duine atá nó a bhí pósta).

2. ÁIREAMH BLIANTÚIL NA nOTHAR CÓNAITHEACH 2007

Rinneadh áireamh bliantúil na n-othar cónaitheach, de chuid an Choimisiúin Mheabhair-Shláinte, ar 7^{ú} Samhain 2007. Is é seo an ceithre áireamh atá déanta ag an gCoimisiún ar othair chónaitheacha (2004, 2005, 2006 agus 2007). Rinneadh an t-áireamh anuraidh (2006) ar 8^{ú} Samhain, rinneadh an ceann i 2005 ar 4^{ú} Samhain agus rinneadh é i 2004 ar 31^{ú} Nollaig. Roimhe seo rinne an Rannóg Meabhair-Shláinte den Roinn Sláinte agus Leanaí an t-áireamh ar 31^{ú} Nollaig gach bliain.

Is é an phríomhaidhm atá ag áireamh na n-othar cónaitheach ná sonraí a thabhairt don Choimisiún maidir le hinfhaighteacht leapacha d'othair chónaitheacha aosaithe agus an úsáid a mbaintear astu in ionaid formheasta ag an tráth céanna gach bliain. Tríd an gcineál seo sonraí a fháil thar roinnt blianta táthar in ann iniúchadh a dhéanamh ar threochtaí in infhaighteacht agus úsáid na hacmhainne meabhair-shláinte tábhachtaí seo.

Bhí athrú amháin ar an bhfoirm bailithe sonraí i 2007; cuireadh tír bhreithe san áireamh d'fhonn faisnéis a bhailiú ar eitneachas. Cuimsítear na torthaí i
bhFig. 4 ag deireadh na caibidle seo.

Tá foirm agus cáipéis treorach 2007 in Aguisín 1 ag deireadh na caibidle seo.

CÓNAITHEOIRÍ IN IONAID FORMHEASTA (AONAID AOSACH) 2007

Ar 7^{ú} Samhain 2007 bhí 3,314 duine ar chláir na n-ionad formheasta d'aosaigh agus 3,692 leaba ar fáil sna hionaid sin in Éirinn, le beagnach 90% gabháltas ann. Tugann sé seo ráta 103.4 ina aghaidh gach 100,000 de dhaonra Dhaonáireamh 2006 atá in aois 18 bliana nó os a chionn agus léiríonn sé laghdú 0.54% (n= 18 gcónaitheoir ar chláir na n-ionad formheasta) ar áireamh na n-othar cónaitheach 2006 (n=3,332). Taispeánann an laghdú beag seo go bhfuil an meath i bhfigiúirí othar cónaitheach a bhí le feiceáil le 20 bliain anuas fós ag leanúint ar aghaidh (féach Figiúr 1). I 1987, bhí 10,621 duine ina gcónaí in ospidéil shíciatracha; léiríonn an 3,314 othar cónaitheach i 2007 laghdú 66.8% i líon na n-othar cónaitheach thar an tréimhse sin (Tábla 4.2).

Fig. 1: Áireamh ar Líon na nOthar Cónaitheach in Aonaid agus Ospidéil Shíciatracha. Éire 1987 go 2007

Tábla 4.2 Áireamh ar Othair Chónaitheacha in Aonaid agus Ospidéil Shíciatracha. Éire 1987 go 2007

Bliain	Líon na n-othar cónaitheach	Bliain	Líon na n-othar cónaitheach	Bliain	Líon na n-othar cónaitheach
1987	10,621	1994	5,581	2001	4,321
1988	9,500	1995	5,327	2002	3,891
1989	7,897	1996	5,212	2003	3,658
1990	7,334	1997	4,817	2004	3,556
1991	8,207	1998	4,820	2005	3,475
1992	6,130	1999	4,469	2006	3,332
1993	5,806	2000	4,230	2007	3314

Foinse: Tagann na figiúirí ó roinnt foinsí. Is figiúirí ó na háirimh ar othair chónaitheacha iad 2004 go 2007, tagann '91 agus 2001 ó áireamh an MSRB/HRB ar othair chónaitheacha (31^{ú} Márta ar na blianta seo) agus tagann an chuid eile ó áireamh na Roinne Sláinte agus Leanaí ar othair chónaitheacha a rinneadh ar 31^{ú} Nollaig gach bliain.

ABHANTRAÍ MEABHAIR-SHLÁINTE – CÓNAITHEOIRÍ AR OÍCHE AN ÁIRIMH

Taispeánann Tábla 4.3 líon iomlán na n-othar cónaitheach in ionaid formheasta sna 31 abhantrach meabhair-shláinte. Taispeántar líon agus céatadán na gcónaitheoirí ó áiteanna lasmuigh den abhantrach chomh maith le cabhrú chun míniú a thabhairt ar na figiúirí go léir d'othair chónaitheacha arna léiriú sa chuid seo den tuarascáil.

Bhí roinnt mhaith de na cónaitheoirí i gcuid de na habhantracha ó áiteanna lasmuigh den abhantrach ar oíche an áirimh, mar shampla, ceantar Thuaisceart Chorcaí (41.1%), ceantar Chathair Bhaile Átha Cliath Thiar Thuaidh (23.0%) agus ceantar an Longfoirt/na hIarmhí (18.7%).

Tábla 4.3: Cónaitheoirí de réir na hAbhantraí Meabhair-Shláinte. Líon. Cónaitheoirí ó Áiteanna Lasmuigh den Abhantrach. Líon Agus Céatadáin.

Abhantrach Meabhair-Shláinte	Líon na gCónaitheoirí	Líon Cónaitheoirí ó áiteanna lasmuigh den abhantrach	% Cónaitheoirí ó áiteanna lasmuigh den abhantrach
FSS Baile Átha Cliath Laighean Láir	435	31	7.1%
Baile Átha Cliath Theas	34	0	0.0%

Cathair Bhaile Átha Cliath Thoir Theas	45	6	13.3%
Baile Átha Cliath Theas	51	1	2.0%
Cathair Bhaile Átha Cliath Thiar Theas	61	2	3.3%
Cill Dara/Cill Mhantáin Thiar	25	0	0.0%
Cill Mhantáin Thoir	49	0	0.0%
Laois/Uíbh Fhailí	63	2	3.2%
An Longfort/An Iarmhí	107	20	18.7%
FSS Bhaile Átha Cliath Thoir Thuaidh	459	44	9.6%
Cathair Bhaile Átha Cliath Thiar Thuaidh	135	31	23.0%
Cathair Bhaile Átha Cliath Láir Thuaidh	89	6	6.7%
Bhaile Átha Cliath Thuaidh	122	3	2.5%
An Cabhán/Muineachán	48	3	6.3%
Lú/An Mhí	65	1	1.5%
FSS an Deiscirt	1027	57	5.6%
Ceatharlach/Cill Chainnigh	148	0	0.0%
Ciarraí	111	0	0.0%
Tuaisceart Chorcaí	129	53	41.1%
An Laoi Thuaidh	91	0	0.0%
An Laoi Theas	80	3	3.8%
Tiobraid Árann Theas (Tiobraid Árann Theas agus Tiobraid Árann Thuaidh san áireamh)	175	0	0.0%
Port Láirge	139	0	0.0%
Iarthar Chorcaí	9	0	0.0%
Loch Garman	145	1	0.7%

FSS an Iarthair	552	23	4.2%
An Clár	46	1	2.2%
Dún na nGall	57	0	0.0%
Oirthear na Gaillimhe	117	18	15.4%
Luimneach	119	0	0.0%
Maigh Eo	83	1	1.2%
Ros Comáin	19	0	0.0%
Sligeach/Liatroim/Iarthar an Chabháin/Deisceart Dhún na nGall	42	3	7.1%
Iarthar na Gaillimhe	69	0	0.0%
Seirbhísí Eile			
Soláthraithe Seirbhíse Neamhspleácha	584		
Seirbhísí Náisiúnta**	257		
Iomlán	3314	155	

*Sciathán Ghort na mBláth, Ionad Cúraim Ghort na mBláth, Ospidéal Príobháideach Hampstead, Ospidéal Príobháideach an Ghoirt Aird, Clinic na Coille Móire, Radharc Bhaile Phámar, Ospidéal Stewart, Ospidéal Naomh Edmundsbury, Ospidéal Naomh Eoin Dé, Ospidéal Naomh Pádraig

**An Príomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar agus Seirbhís Iósaf do Dhaoine faoi Mhíchumais Intleachta ar thailte Ospidéal Naomh Íde, Port Rachrann

PRÓIFÍL NA nOTHAR CÓNAITHEACH

INSCNE AGUS AOIS

Bhí 1,518 baineannach agus 1,796 fireannach in ionaid formheasta ar oíche an áirimh. Léiríonn sé seo 45.8% agus 54.2% faoi seach. Taispeánann Tábla 4.4 briseadh síos na gcónaitheoirí de réir aoise. Bhí seachtar cónaitheoir in ionaid formheasta faoi bhun 16 bliana ar oíche an áirimh; bhí an seachtar acu i mbarda na n-ógánach in Ospidéal Naomh Eoin Dé. I 2006, bhí naonúr faoi bhun 16 bliana i aonaid agus ospidéil shíciatracha. Bhí seisear cónaitheoir in ionaid formheasta idir aois 16 agus 17 bliana (i gcomparáid le 12 i 2006). Bhí an chuid ba mhó de na cónaitheoirí idir 18 – 64 bliana d'aois (66.5%), agus bhí 33% de chónaitheoirí níos sine ná 65 bliana d'aois.

Tábla 4.4: Inscne agus Aois. Líon agus Céatadáin Colúin.

Catagóirí Aoise	Baineann (%)	Fireann (%)	Na Cónaitheoirí Uile (%)

0-15 bliana d'aois	6 (.4%)	1 (.1%)	7 (.2%)
16-17 bliana d'aois	4 (.3%)	2 (.1%)	6 (.2%)
18-64 bliana d'aois	944 (62.2%)	1261 (70.2%)	2205 (66.5%)
65 bliana d'aois agus níos sine	562 (37.0%)	532 (29.6%)	1094 (33%)
Sonraí in easnamh (dáta breithe)	2 (.1%)	0 (0%)	2 (.1%)
Iomlán (sraith %)	1518 (45.8%)	1796 (54.2%)	3314 (100%)

STÁDAS DLÍTHIÚIL

Ar an iomlán ní raibh mórán athraithe maidir leis an mbriseadh síos ar stádas dlíthiúil na gcónaitheoirí i gcomparáid le 2006. Chuaigh an chuid is mó de na hothair a bhí sna hionaid formheasta ar oíche an áirimh isteach iontu ar bhonn deonach (84.8%), laghdú beag ar 2006 (84.9%). Ba é 334 (10.1%) líon na n-othar neamhdheonach, an céatadán céanna le 2006. Bhí seachtó cónaitheoir (2.1%) ina gcoimircí cúirte, 81 (2.4%) faoi réir ordú cúirte agus bhí siad siúd go léir sa Phríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar agus bhí 0.4% de na tuairiscí gan stádas dlíthiúil.

Fig. 2: Stádas Dlíthiúil na gCónaitheoirí Céatadáin.

Níl rátaí in aghaidh 100,000 do Abhantrach Meabhair-Shláinte ar leith le fáil toisc iontaofacht na sonraí.

DIAGNÓIS

Diagnóis phríomhúil a bailíodh mar chuid den áireamh ná an 10ú eagrán den chód diagnóiseach ICD (óna mbaineann na cóid F le neamhoird meabhrach agus iompair). Rinneadh achoimre orthu seo, ar mhaithe le léiriú níos éasca, sna catagóirí a taispeántar i dTábla 4.5. Tá na grúpaí a úsáidtear bunaithe ar na grúpaí atheagraithe arna léiriú ag an mBord Taighde Sláinte in Áireamh na nAonad agus na nOspidéal Síciatrach 2006.

Tábla 4.5: Grúpaí Diagnóiseacha do Chónaitheoirí. Líon agus Céatadáin.

Grúpa Diagnóiseach	Cód ICD-10	Líon	Céatadán
Neamhoird orgánacha	F00-F09	284	8.6%
Neamhoird alcólacha	F10	155	4.7%
Neamhoird drugaí eile	F11-F19, F55	33	1.0%

Neamhoird scitsifréine, schizotypal agus siabhráin	F20-F29	1157	34.9%
Neamhoird dúlagair	F31.3, F31.4, F31.5, F32, F33, F34.1, F34.8, F34.9	609	18.4%
Máine	F30, F31.0, F31.1, F31.2, F31.6, F31.7, F31.8, F31.9, F34.0	301	9.1%
Néaróisí	F40-F48	66	2.0%
Neamhoird itheacháin	F50	26	0.8%
Neamhoird pearsantachta agus iompair	F60-F69	74	2.2%
Míchumas intleachta	F70-F79	333	10.0%
Neamhoird forbartha	F80-F89	9	0.3%
Neamhoird iompair agus mothúchánacha leanbhaoise	F90-F98	4	0.1%
Diagnóis eile	F38, F39, F51-F54, F59, F99	30	0.9%
Neamh-thaifeadta		233	7.0%
Iomlán		3314	100.0%

*Rinneadh achoimriú ar chóid ICD-10 i 14 chatagóir ar mhaithe le léiriú a éascú. Baintear úsáid as catagóirí diagnóiseacha arís i mbliana de réir chódú HRB (Daly and Walsh, 2006) ach scartar cónaitheoirí nach bhfuil diagnóis sannta dóibh ón gcatagóir HRB Eile agus Neamhshonraithe mar Neamhthaifeadta.

Cosúil leis na blianta roimhe seo, is é an grúpa aonair is mó ná an chatagóir scitsifréine 34.9% (n=1157) agus ansin neamhoird dúlagair 18.4% (n= 609) le míchumas intleachta ina dhiaidh sin 10.0% (n=333). Níl mórán difríochta eatarthu seo agus na cinn do 2006. Ba é an cód F singil ba mhó (ICD-10 diagnóis), i 2007, ná F20.0 (scitsifréine pharanóideach), 11.5% (n=382 duine).

Mar is féidir a fheiceáil ó Thábla 4.5, as an 3,314 cónaitheoir ar oíche an áirimh, ní raibh aon diagnóis taifeadta sna tuairiscí do 233 acu (nó 7.0% de na daoine go léir sna hospidéil nó aonaid ar an oíche sin). I gcásanna áirithe tarlaíonn sé seo toisc nach sannann roinnt ospidéil diagnóis go dtí go scaoiltear an t-othar.

FAD NA TRÉIMHSE FANACHTA

Taispeánann Tábla 4.6 fad na tréimhse fanachta do chónaitheoirí de réir aoisghrúpa. Bhí an céatadán ba mhó de na cónaitheoirí san ospidéal ar feadh níos lú ná 3 mhí (41.2%). Bhí beagnach aon trian (30.3%) de na cónaitheoirí ann ar feadh tréimhse fhada áfach, tar éis a bheith san ospidéal ar feadh breis agus cúig bliana agus (17.7%) ann mar dhaoine nua ann ar feadh tréimhse fhada (san ospidéal le breis agus bliain amháin agus níos lú ná cúig bliana). Níl mórán athraithe le feiceáil sna figiúirí seo i gcomparáid leis na figiúirí do 2006 i ngach catagóir.

Taispeánann Tábla 4.6 go raibh beagnach leath (43.5%) de na cónaitheoirí scothaosta ann ar feadh tréimhse fhada, agus go raibh 23.9% eile mar thréimhse fhada nua. Ar an iomlán, tá 67.4% de na hothair os cionn 65 bliana san ospidéal le breis agus bliain anuas. I gcodarsnacht, tá beagnach leath (49.7%) dóibh siúd idir 18-64 bliana san ospidéal le níos lú ná trí mhí anuas, ach bhí beagnach aon cheathrú den aoisghrúpa seo ina gcónaitheoirí fadtréimhseacha áfach.

Table 4.6: Fad na Tréimhse Fanachta agus Aoisghrúpaí. Líon agus Céatadáin Colúin.

Fad na tréimhse fanachta	0-15 bliana d'aois	16-17 bliana d'aois	18-64 bliana d'aois	65 bliana d'aois agus níos sine	Sonraí in easnamh (dáta breithe)	Iomlán (colún %)
Níos lú ná 3 mhí	6 (85.7%)	5 (83.3%)	1096 (49.7%)	258 (23.6%)	2 (100.0%)	1367 (41.3%)
3 - 12 mhí	1 (14.3%)	1 (16.7%)	254 (11.5%)	98 (9.0%)	0 (0.0%)	354 (10.7%)
1 - 5 bliana (tréimhse fhada nua)	0 (0.0%)	0 (0.0%)	326 (14.8%)	262 (23.9%)	0 (0.0%)	588 (17.7%)
Níos mó ná 5 bliana (tréimhse fhada)	0 (0.0%)	0 (0.0%)	529 (24.0)	476 (43.5%)	0 (0.0%)	1005 (30.3%)
Iomlán (sraith%)	7 (0.2%)	6 (0.2%)	2205 (66.5%)	1094 (33.0%)	2 (0.1%)	3314 (100.0%)

CINEÁL BARDA

Bhí beagnach leath (41.7%) de na cónaitheoirí sin ar oíche an áirimh i ngéaraonaid, agus bhí an chuid ba mhó díobh (83.4%) idir 18 agus 64 bliana d'aois. Bhí 2.6% eile de na cónaitheoirí i ngéaraonaid seanaoise, agus bhí 79.3% díobh siúd in aois 65 bliana nó níos sine.

Bhí breis agus ceathrú (25.2%) de na hothair i mbardaí fadtréimhseacha le breis agus leath (51.4%) idir 18-64 bliana d'aois agus an chuid eile díobh (48.6%) 65 bliana d'aois nó níos sine. Bhí an chuid ba mhó (83.4%) de na hothair i mbardaí seanaoise 65 bliana d'aois nó níos sine ach bhí 16.6% díobh idir 18 agus 64 bliana d'aois áfach.

Bhí breis agus aon trian 36.5% (n=1208) de na cónaitheoirí ar oíche an áirimh i mbardaí fadtréimhseacha nó seanaoise, beagnach an méid céanna is a bhí sna géaraonaid, bhí 59.4% díobh siúd 65 bliana d'aois nó níos sine agus bhí an chuid eile díobh 18-64 bliana d'aois.

Bhí na leanaí go léir a bhí ina gcónaí sna haonaid/hospidéil ar oíche an áirimh i ngéaraonaid.

Tábla 4.7: Cineál Barda agus Aoisghrúpaí. Líon agus Céatadáin Sraithe. Céatadáin Iomlána na gColún

Cineál Barda	0-15 bliana d'aois	16 -17 bliana d'aois	18-64 bliana d'aois	65 bliana d'aois nó níos sine	Sonraí in Easnamh (dáta breithe)	Iomlán (colún %)
Géaraonad	7 (0.5%)	6 (0.4%)	1152 (83.4%)	214 (15.5%)	2 (0.2%)	1381 (41.7%)
Géaraonad Seanaoise	0 (0.0%)	0 (0.0%)	18 (20.7%)	69 (79.3%)	0 (0.0%)	87 (2.6%)

Aonad Dianchúraim	0 (0.0%)	0 (0.0%)	137 (87.8%)	19 (12.2%)	0 (0.0%)	156 (4.7%)
Barda Fadtréimhseach	0 (0.0%)	0 (0.0%)	429 (51.4%)	406 (48.6%)	0 (0.0%)	835 (25.2%)
Barda Seanaoise	0 (0.0%)	0 (0.0%)	62 (16.6%)	311 (83.4%)	0 (0.0%)	373 (11.3%)
Barda Athshlánaithe	0 (0.0%)	0 (0.0%)	307 (81.6%)	69 (18.4%)	0 (0.0%)	376 (11.3%)
An Príomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar	0 (0.0%)	0 (0.0%)	78 (96.3%)	3 (3.7%)	0 (0.0%)	81 (2.4%)
Níor tugadh an cineál barda	0 (0.0%)	0 (0.0%)	22 (88.0%)	3 (12.0%)	0 (0.0%)	25 (0.8%)
Iomlán (sraith %)	7 (0.2%)	6 (0.2%)	2205 (66.5%)	1094 (33.0%)	2 (0.15%)	3314 (100.0%)

Is féidir a thuilleadh anailíse ar chineál barda a fheiceáil i dtábla 4.8 thar an leathanaigh, trí chomparáid a dhéanamh idir an cineál barda agus fad na tréimhse fanachta. De na hothair a bhí ina gcónaí i nGéaraonad, bhí 6% mar thréimhse fhada nua agus thréimhse fhada. Tháinig na hothair seo ó Aonaid Shíciatracha Ospidéil Ghinearálta, Ospidéil Shíciatracha, agus Sholáthraithe Seirbhíse Neamhspleácha. Sna hAonaid Dianchúraim, bhí 42.9% de na hothair san ospidéal le 5 bliana anuas nó níos mó. Bhí siad siúd ina gcónaí in Ospidéil Shíciatracha amháin. Bhí an chuid ba mhó (81.6%) de na hothair a bhí san ospidéal le níos lú ná 3 mhí anuas i nGéaraonaid, fad is a bhí beagnach trí cheathrú (73.6%) d'othair fhadtréimhseacha (san ospidéal ar feadh níos mó ná cúig bliana) i mBardaí Fadtréimhseacha nó Seanaoise.

Tábla 4.8: Cineál Barda de réir Fhad na Tréimhse Fanachta. Líon agus Céatadáin Colúin.

Fad na Tréimhse Fanachta	Géaraonad	Géaraonad Seanaoise	Aonad Dianchúraim	Fadtréimhseach	Barda Seanaoise	Barda Athshlánaithe	An Príomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar	Níor tugadh an cineál barda	Iomlán (colún %)
Níos lú ná 3 mhí	1127 (81.6%)	47 (54.0%)	41 (26.3%)	18 (2.2%)	16 (4.3%)	93 (24.7%)	13 (16.0%)	12 (48.0%)	1367 (41.3%)
3 go 12 mhí	170 (12.3%)	12 (13.8%)	16 (10.3%)	42 (5.0%)	38 (10.2%)	55 (14.6%)	17 (21.0%)	4 (16.0%)	354 (10.7%)
1 go 5 bliana (tréimhse fhada nua)	71 (5.1%)	15 (17.2%)	32 (20.5%)	221 (26.5%)	133 (35.7%)	91 (24.2%)	20 (24.7%)	4 (16.0%)	588 (17.7%)
Níos mó ná 5 bliana	13 (0.9%)	13 (14.9%)	67 (42.9%)	554 (66.3%)	186 (49.9%)	136 (36.2%)	31 (38.3%)	5 (20.0%)	1005 (30.3%)

(tréimhse fhada)									
Iomlán	1381	87	156	835	373	376	81	25	3314

Féach Aguisín 1: Alt 3.2.10 le haghaidh sainmhínithe ar chineálacha barda.

CINEÁL OSPIDÉIL

I 2007, bhí breis agus leath (50.7%) de na leapacha síciatracha in Éirinn fós in Ospidéil Shíciatracha agus mar sin bhí beagnach leath (49.3%) de na cónaitheoirí in Ospidéil Shíciatracha ar oíche an áirimh (Tábla 4.9). I 2006, bhí 54% de na leapacha in Ospidéil Shíciatracha le 53.4% de na cónaitheoirí sna hOspidéil Shíciatracha seo, mar sin bhí meath beag ann. Ní raibh ach 25.9% de na leapacha d'othair chónaitheacha a tuairiscíodh san áireamh in Aonaid Shíciatracha Ospidéil Ghinearálta, léiríonn sé seo méadú 3.4% ar uimhir 2006 (n=924) agus d'ardaigh líon na leapacha i Seirbhísí Neamhspleácha faoi 5.2%.

Tábla 4.9: Cónaitheoirí agus Leapacha de réir an Chineáil Ionaid Fhormheasta. Líon agus Rátaí in aghaidh 100,000 (Daonáireamh 2006) den Daonra In Aois 18 Bliana nó Níos Sine.

Cineál Ionaid Fhormheasta	Líon Cónaitheoirí (%)	Ráta cónaitheoirí in aghaidh 100,000; daonra Dhaonáireamh 2006 in aois 18 bliana nó níos sine	Líon Leapacha (%)	Ráta leapacha in aghaidh 100,000; daonra Dhaonáireamh 2006 in aois 18 nó níos sine
1. Ospidéal Síciatrach	1633 (49.3%)	50.9	1871 (50.7%)	58.4
2. Ospidéal Ginearálta, Aonad Síciatrach	840 (25.4%)	26.2	946 (25.9%)	29.8
3. Soláthraí Seirbhíse Neamhspleách	584 (17.6%)	18.2	607 (16.4%)	18.9
4. Seirbhís Iósaf do Dhaoine faoi Mhíchumais Intleachta	176 (5.3%)	5.5	176 (4.8%)	5.5
5. An Príomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar	81 (2.4%)	2.5	83 (2.2%)	2.6
Iomlán	3314 (100.0%)	103.4	3692 (100.0%)	115.2

Fig. 3 Leapacha agus Cineál Ospidéil. Céatadáin

CÓNAITHEOIR AGUS LEAPACHA DE RÉIR AN CHEANTAIR RIARACHÁIN FSS AGUS NA hABHANTRAÍ MEABHAIR-SHLÁINTE

LEAPACHA D'OTHAIR CHÓNAITHEACHA

Tuairiscíodh 3,692 leaba síciatrach ar oíche an áirimh. Taispeánann an figiúr seo laghdú 5.3% ar an bhfigiúr do 2006 (3,897), tharla sé seo go mór toisc laghdú i líon an leapacha i roinnt ospidéil shíciatracha.

Tá dlúthbhaint idir an ráta leapacha agus an ráta cónaitheoirí ar oíche an áirimh, i gcásanna áirithe tá líon na gcónaitheoirí níos mó ná líon na leapacha agus sna cásanna seo bhí na cónaitheoirí ar saoire. Bhí beagnach 90% de na leapacha glactha ar oíche an áirimh.

Taispeánann Tábla 4.10 líon na leapacha i ngach abhantrach meabhair-shláinte agus líonta agus rátaí na gcónaitheoirí a chomhfhreagraíonn dó.

Tábla 4.10: Abhantracha Meabhair-Shláinte. Leapacha agus Cónaitheoirí. Líon. Céatadáin Gabháltais

Abhantrach	Líon na Leapacha	Líon na gCónaitheoirí	% Gabháltas
FSS Baile Átha Cliath Laighean Láir			
Cathair Bhaile Átha Cliath Theas	51	51	100.00%
Baile Átha Cliath Thoir Theas	44	45	102.27%
Baile Átha Cliath Thiar/Thiar Theas	80	61	76.25%
Cill Mhantáin Thoir	60	49	81.67%
Cill Dara/Cill Mhantáin Thiar	30	25	83.33%
Laois/Uíbh Fhailí	78	63	80.77%
An Longfort/An Iarmhí	141	107	75.89%
Baile Átha Cliath Theas	34	34	100.00%
FSS Bhaile Átha Cliath Thoir Thuaidh			
An Cabhán/Muineachán	70	48	68.57%
Baile Átha Cliath Láir Thuaidh	100	89	89.00%

Baile Átha Cliath Thiar Thuaidh	150	135	90.00%
Lú/An Mhí	85	65	76.47%
Baile Átha Cliath Thuaidh	142	122	85.92%
FSS an Deiscirt			
Ceatharlach/Cill Chainnigh	153	148	96.73%
Ciarraí	110	111	100.91%
Tuaisceart Chorcaí	149	129	86.58%
An Laoi Thuaidh	91	91	100.00%
An Laoi Theas	82	80	97.56%
Tiobraid Árann Theas (Tiobraid Árann Thuaidh san áireamh)	173	175	101.16%
Port Láirge	176	139	78.98%
Iarthar Chorcaí	18	9	50.00%
Loch Garman	157	145	92.36%
FSS an Iarthair			
An Clár	49	46	93.88%
Dún na nGall	89	57	64.04%
Oirthear na Gaillimhe	140	117	83.57%
Luimneach	133	119	89.47%
Maigh Eo	86	83	96.51%
Ros Comáin	30	19	63.33%
Sligeach/Liatroim	52	42	80.77%
Iarthar na Gaillimhe	73	69	94.52%
Seirbhísí Eile			

An Príomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar	83	81	97.59%
Soláthraí Seirbhíse Neamhspleách*	607	584	96.21%
Seirbhís Iósaf do Dhaoine faoi Mhíchumais Intleachta	176	176	100.00%
Iomlán	3692	3314	89.76%

*Sciathán Ghort na mBláth, Ionad Cúraim Ghort na mBláth, Ospidéal Príobháideach Hampstead, Ospidéal Príobháideach an Ghoirt Aird, Clinic na Coille Móire, Radharc Bhaile Phámar, Ospidéal Stewart, Ospidéal Naomh Edmundsbury, Ospidéal Naomh Eoin Dé, Ospidéal Naomh Pádraig

TÍR BHREITHE AGUS SEIRBHÍS AISTRIÚCHÁIN AG TEASTÁIL

Cuimsíodh an cheist mar gheall ar thír bhreithe don chéad uair i 2007, le feabhas a chur ar an bhfaisnéis arna tuairisciú maidir le heitneachas. Bhí Éire mar a dtír bhreithe ag an gcuid ba mhó de na cónaitheoirí (73.3%); rugadh beagnach trí cheathrú in Éirinn nó sa Ríocht Aontaithe agus ní raibh ach 0.8% ó thíortha eile.

Fig. 4: Céatadán na gCónaitheoirí de réir a dTíre Breithe.

Cuimsíodh an cheist maidir le seirbhís aistriúcháin ó 2006 i leith. Bhí seirbhísí aistriúcháin ag teastáil ó naonúr cónaitheoir, aistriúchán Gaeilge a bhí ag teastáil ó dhuine amháin agus Teanga Comharthaíochta ó dhuine eile, agus bhí Éire mar a thír bhreithe ag an mbeirt acu. Bhí an seachtar eile ag lorg seirbhísí aistriúcháin go teanga eachtrach; teangacha Eorpacha, Afracacha agus teangacha an Mheánoirthir san áireamh, a bhí ag teastáil ó 26% dóibh siúd ar rugadh i dtíortha lasmuigh d'Éirinn nó den Ríocht Aontaithe iad.

TAGAIRTÍ

An Phríomh-Oifig Staidreamh (2006) *Staitisticí Daonra na gCeantar Beag (SDCB) 2007.* Baile Átha Cliath: An Oifig Stáiseanóireachta

Daly A & Walsh D (2006) *Irish Psychiatric Units and Hospitals Census 2006.* Baile Átha Cliath: An Bord Taighde Sláinte

An Roinn Sláinte agus Leanaí *An tAcht Meabhair-Shláinte 2001.* Baile Átha Cliath: An Oifig Stáiseanóireachta.

An Coimisiún Meabhair-Shláinte (2007) *Annual report including the Report of the Inspector of Mental Health Services 2006. Book One.* Baile Átha Cliath: An Coimisiún Meabhair-Shláinte

AGUISÍN 1

FOIRM D'ÁIREAMH BLIANTÚIL NA nOTHAR CÓNAITHEACH 2007

CÁIPÉIS TREORACH D'ÁIREAMH BLIANTÚIL NA nOTHAR CÓNAITHEACH

FOIRM D'ÁIREAMH BLIANTÚIL NA nOTHAR CÓNAITHEACH 2007

CÁIPÉIS TREORACH D'ÁIREAMH BLIANTÚIL NA nOTHAR CÓNAITHEACH

<table>
<tr><td colspan="3">ÁIREAMH AR ÁISEANNA D'OTHAIR CHÓNAITHEACHA 2007</td></tr>
<tr><td>Ainm an Ionaid Fhormheasta</td><td>Líon na Leapacha ag meánoíche 07/11/2007</td><td>Líon na gcónaitheoirí ar an gclár ag meánoíche 07/11/2</td></tr>
<tr><td colspan="3">Ainm na hAbhantraí Meabhair-Shláinte</td></tr>
<tr><td colspan="3">Dáta agus am ar a ndearnadh áireamh na n-othar cónaitheach: Meánoíche ar an gCéadaoin 07 Samhain 2007</td></tr>
<tr><td colspan="3">Cuir ar ais faoin: Aoine 7 Nollaig 2007. Má tá ceist ar bith agat téigh i dteagmháil le Deirdre Hyland, An tOifigeach Faisnéise Sláinte, An Coimisiún Meabhair-Shlá</td></tr>
<tr><td colspan="3">CABHAIR LE FOIRM AN ÁIRIMH A CHOMHLÁNÚ – NÁ CUIR ISTEACH ACH NA CINEÁLACHA SONRAÍ A SONRAÍTEAR THÍOS - féach na nótaí treorach le tu fháil</td></tr>
<tr><td colspan="3">TÁ SÉ TÁBHACHTACH CUR AMACH A BHEITH AGAT AR AN gCÁIPÉIS TREORACH AGUS AN bhFOIRM SEO Á COMHLÁNÚ AGAT</td></tr>
<tr><td>Uimhir Aitheantais Uathúil 1 - 3 Chónaitheoir:</td><td colspan="2">Ná líon isteach ach ceann amháin díobh seo a leanas; i gColún 1, Uimh. PSP, (má tá sé ar fáil), NÓ i gColún 2 uimh. cairte. NÓ i gColún 3 uim do gach cónaitheoir ar chlár an ionaid fhormheasta</td></tr>
<tr><td>4. Earnáil</td><td colspan="2">Líon isteach earnáil an chónaitheora nó cuir isteach LA d'áiteanna lasmuigh den abhantrach</td></tr>
<tr><td>5. Dáta Breithe:</td><td colspan="2">Líon isteach an dáta breithe iomlán san fhormáid seo a leanas – 00/00/0000 m.sh. 26/09/2007.

Mura bhfuil ach bliain breithe an chónaitheora ar eolas líon isteach an bhliain san fhormáid seo a leanas – 0000 m.sh. 2007</td></tr>
</table>

	Mura bhfuil dáta breithe iomlán ná bliain breithe an chónaitheora ar eolas fág folamh é
6. Inscne:	Cuir isteach F d'fhireannach nó B do bhaineannach
7. Dáta Glactha Isteach:	Líon isteach an dáta glactha isteach iomlán don ionad formheasta seo san fhormáid seo a leanas – 00/00/0000 m.sh. 26/09/2007 Mura bhfuil ach an bhliain inar glacadh isteach ar eolas, líon isteach an bhliain san fhormáid seo a leanas – 0000 m.sh. 2007 Mura bhfuil dáta glactha isteach iomlán ná bliain glactha isteach an chónaitheora ar eolas fág folamh é
8. Stádas Dlíthiúil Reatha:	Líon isteach stádas dlíthiúil reatha gach cónaitheora mar atá ag meánoíche 08/11/2006 mar DEO do Dheonach NÓ NDH do Neamhdheonach Choimirce Cúirte. Más Coimirce Cúirte agus Othar Deonach é an cónaitheoir cuir isteach DEO/CC agus más othar neamhdheonach (othar) ag é an cónaitheoir cuir isteach NDH/CC.
9. Diagnóis Phríomhúil ICD-10:	Cuir isteach an diagnóis phríomhúil ICD-10 chruinn mar a taifeadadh i gcairt an chónaitheora san fhormáid seo a leanas – Fx.xx Mura bhfuil diagnóis ICD-10 ar bith taifeadta, cuir isteach NT do neamhthaifeadta
10. Diagnóis Thánaisteach ICD-10	Cuir isteach an diagnóis thánaisteach ICD-10 (mar atá thuas) más ann dó, fág folamh mura bhfuil
11. Láthair Reatha:	Má tá cónaitheoir san ionad formheasta ag meánoíche 08/11/2006 cuir isteach CÓN don chónaitheoir. Má tá an cónaitheoir as láthair le cead c tá an cónaitheoir as láthair gan chead cuir isteach ALGC.
12. Cineál Barda:	Cuir isteach an cineál barda ina bhfuil gach cónaitheoir, atá san ospidéal ar 08/11/2006, ina c(h)ónaí .i. GA do ghéaraonad, GASA do leapacha seanaoise faoi shainshíciatraí sainchomhairleach, BF do bharda fadtréimhseach, BSA do bharda seanaoise, BA do bharda athshlánaithe, ADC dianchúraim (nó Aonad grinnbhreathnadóireachta) nó NC mura bhfuil siad ina gcónaitheoirí ar oíche an áirimh (as láthair le cead nó gan chead
13. Seirbhísí Aistriúcháin	Cuir isteach Tá má tá seirbhísí aistriúcháin ag teastáil ón gcónaitheoir agus má tá an teanga sin ar eolas cuir é sin isteach chomh maith le do t mura bhfuil.
14. Tír Bhreithe	Má tá sé ar fáil, faigh amach Tír Bhreithe gach cónaitheora atá ina chónaí san ospidéal ar 07/11/2007 ó Chlár na gCónaitheoirí. Mura bhfuil an na gcónaitheoirí cuir isteach NF le cur i bhfios nach bhfuil sé ar fáil.

Uimhir Aitheantais Uathúil an Chónaitheora - Níl ach ceann amháin ag teastáil	

1. Uimh. PSP	2. Uimh. na Cairte	3. Uimh. Aitheantais Uathúil	4. Earnáil (cuir isteach ainm na hEarnála nó LA d'áiteanna lasmuigh den abhantrach)	5. Dáta Breithe	6. Inscne (F/B)	7. Dáta Glactha Isteach	8. Stádas Dlíthiúil Reatha ag meánoíche 07/11/2007	9. Diagnóis Phríomhúil ICD-10	10. Diagnóis Thánaisteach ICD-10	11. Láthair Reatha ag meánoíche 07/11/2007	12. Cineál Barda	1 S a i t

An Coimisiún Meabhair-Shláinte

Áireamh ar Othair Chónaitheacha in Ionaid Fhormheasta

7ú Samhain 2007

Treoirlínte chun an Fhoirm d'Áireamh na nOthar Cónaitheach mar atá ag Meánoíche 7ú Samhain 2007 a Chomhlánú

Clár Ábhar

CUID I 18

1.1 Réamhrá 18

1.2 Téarmaíocht 18

1.3 Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 & 2003 18

1.3.1 Cén faisnéis atá i gceist agus cén fáth a bhfuil sé á bailiú do Dhaonáireamh 2007 18

1.3.2 Slándáil, Rúndacht, Rochtain & Úsáid 19

1.4 Dáta ar Cuireadh Isteach é 19

CUID II 20

2.1 Gluais Téarmaí 20

CUID III 21

3.1 An Fhoirm a Chomhlánú 21

3.2 Sonraí ag Teastáil 21

3.2.1 Colúin 1 – 3: Uimhir Aitheantais Uathúil an Chónaitheora 21

3.2.2 Colún 4: Earnáil 21

3.2.3 Colún 5: Dáta Breithe 21

3.2.4 Colún 6: Inscne 21

3.2.5 Colún 7: Dáta Glactha Isteach 21

3.2.6 Colún 8: Stádas Dlíthiúil Reatha 22

3.2.7 Colún 9: Diagnóis Phríomhúil ICD-10 23

3.2.8 Colún 10: Diagnóis Thánaisteach ICD-10 23

3.2.9 Colún 11: Láthair an Chónaitheora ar 7ú Samhain 2007 23

3.2.10 Colún 12: Cineál Barda.....23

3.2.11 Colún 13: Seirbhísí Aistriúcháin ag Teastáil24

3.2.12 Colún 14: Tír Bhreithe.....24

FOIRM D'ÁIREAMH NA nOTHAR CÓNAITHEACH 2007

Treoirlínte chun an Fhoirm d'Áireamh na nOthar Cónaitheach mar atá ag Meánoíche 7ú Samhain 2007 a Chomhlánú

CUID I

1.1 Réamhrá

Tugann an cháipéis seo treoir ar an bhfoirm d'áireamh na n-othar cónaitheach ar oíche an 7ú Samhain 2007. Molaimid go léann tú go cúramach é sula gcomhlánaíonn tú an t-áireamh. Níor chóir ach na cineálacha sonraí a iarrtar a sholáthar. Má tá ceist ar bith agat faoin bhfoirm seo a chomhlánú cuir ríomhphost chuig:

Deirdre Hyland, An tOifigeach Faisnéise Meabhair-Shláinte, An Coimisiún Meabhair-Shláinte

Ríomhphost: ***deirdre.hyland@mhcirl.ie***

1.2 Téarmaíocht

Tá an tÁireamh ar Áiseanna d'Othair Chónaitheacha ag iarraidh faisnéis a fháil ar chónaitheoirí sna hionaid formheasta. Agus na daoine go léir sna hionaid formheasta ar oíche an áirimh á phlé acu úsáidfear an téarma 'cónaitheoir' (de réir Chuid 5, Alt 62, An tAcht Meabhair-Shláinte, 2001) chun duine a léiriú atá ag fáil cúraim agus cóiríochta in ionad formheasta ar oíche an áirimh 7ú Samhain 2007. Forálann an tAcht Meabhair-Shláinte, 2001 go sainiúil do stádas dlíthiúil chónaitheoir mar othair atá ina othar neamhdheonach nó ina othar deonach agus baintear úsáid as na sainmhínithe seo don áireamh seo. Iarrann an t-áireamh faisnéis a fháil ar chónaitheoirí atá sannaithe mar choimircí cúirte. Ó chomhairle dlí a fuarthas d'fhéadfadh stádas dlíthiúil othair (othair neamhdheonaigh) nó othair dheonaigh a bheith ag coimirce cúirte chomh maith.

1.3 Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 & 2003

Tá an Coimisiún Meabhair-Shláinte cláraithe leis an gCoimisinéir um Chosaint Sonraí agus tá a chuid freagrachtaí faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003 ar eolas aige agus sonraí othair ar leith á bhailiú aige. Chun sonraí cláraithe an Choimisiúin agus breis faisnéise ar chosaint sonraí a fheiceáil, féach ar láithreán gréasáin an Choimisinéara um Chosaint Sonraí ar ***http://www.dataprotection.ie***.

1.3.1 Cén faisnéis atá i gceist agus cén fáth a bhfuil sé á bailiú do Dhaonáireamh 2007

Tá sainchúram reachtúil ag an gCoimisiún Meabhair-Shláinte '…to promote, encourage and foster the establishment and maintenance of high standards and good practices in the delivery of mental health services and to take all reasonable steps to protect the interest of persons detained in approved centres under this Act.' (Alt 33(1) An tAcht Meabhair-Shláinte, 2001) agus tá sé údaraithe chun
'...undertake or arrange to have undertaken such activities as it deems appropriate to foster and promote the standards and practices referred to in subsection (1)' (Alt 33(2) An tAcht Meabhair-Shláinte, 2001). Comhlíonann bailiú na sonraí seo ar othair chónaitheacha ról tábhachtach mar chuid den fheidhm seo.

Is é cuspóir an áirimh seo ná alaghraf in am de líon na gcónaitheoirí in ionaid formheasta, a stádas dlíthiúil, fad na tréimhse fanachta agus diagnóis. Bailítear sonraí ó na hospidéil meabhair-shláinte agus na haonaid d'othair chónaithe

uile atá ina n-ionaid formheasta faoin Acht Meabhair-Shláinte, 2001. Rinne an Roinn Sláinte agus Leanaí na sonraí seo a bhailiú i bhfoirm comhbhailithe ar 31ú Nollaig gach bliain roimhe seo. Rinne an Coimisiún Meabhair-Shláinte an t-áireamh ar 8ú Samhain 2006 agus thuairiscigh sé air i '*Tuarascáil Bhliantúil an Choimisiúin Mheabhair-Shláinte 2006*'(2007) de chuid an Choimisiúin. Tá sé ar intinn ag an gCoimisiún na sonraí seo a bhailiú agus a stóráil go leictreonach.

Tá Uimhir Phearsanta Seirbhíse Phoiblí (PSP) agus dáta breithe gach chónaitheora atá ar chlár an ionaid fhormheasta á iarraidh ag an gCoimisiún. Le cabhrú le bailiú na n-uimhreacha PSP cuireadh an Coimisiún Meabhair-Shláinte san áireamh mar chomhlacht sainithe faoi Alt 15, An tAcht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2005 – síneadh forálacha maidir le huimhreacha pearsanta seirbhíse poiblí. Tugann sé seo rochtain don Choimisiún ar shonraí na n-uimhreacha PSP (féach Ailt 222 agus 223, an tAcht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúite), 1993 a ligeann do mhalartú faisnéise idir chomhlachtaí sainithe agus ranna aireachta).

1.3.2 Slándáil, Rúndacht, Rochtain & Úsáid

Ón bhfaisnéis arna sholáthar ní féidir leis an gCoimisiún cónaitheoirí ar leith a aithint agus ní sé ar intinn acu a leithéid a dhéanamh. Ráthaítear rúndacht do na cónaitheoirí go léir.

Stórálfar an fhaisnéis seo i láthair slán agus ní bheidh na sonraí ar fáil ach do mhéid áirithe pearsanra sainithe. Soláthróidh an Coimisiún tuarascálacha comhiomlána do na páirtithe leasmhara uile.

Is é rún an Choimisiúin ná an fhaisnéis seo a choimeád ar mhaithe le tuairisciú ar sheirbhísí meabhair-shláinte amháin.

1.4 Dáta ar Cuireadh Isteach é

Caithfear na foirmeacha comhlánaithe uile a chur ar ais chuig an gCoimisiún faoin Aoine 7ú Nollaig 2007 trí ríomhphost chuig ***deirdre.hyland@mhcirl.ie*** nó sa phost chuig:

Deirdre Hyland
An tOifigeach Faisnéise Meabhair-Shláinte
An Coimisiún Meabhair-Shláinte
Teach Mháirtín
Bóthar Waterloo
Baile Átha Cliath 4

CUID II

2.1 Gluais Téarmaí

Ionad Formheasta Ciallaíonn 'ionad' ospidéal nó áis eile d'othair chónaitheacha a chuireann cúram agus cóireáil ar fáil do dhaoine atá ag fulaingt meabhair-ghalair nó neamhoird mheabhraigh. Is é atá i gceist le 'ionad formheasta' ná ionad atá cláraithe de bhun an Achta Meabhair-Shláinte, 2001. Bunaíonn agus coinníonn an Coimisiún Meabhair-Shláinte clár na n-ionad formheasta de bhun an Achta.

Ciallaíonn Ordú Glactha Isteach an t-ordú a údaraíonn glacadh isteach an othair lena mbaineann, é nó í a choinneáil agus é nó í a chur faoi chóireáil agus leanfaidh sé de bheith i bhfeidhm go ceann tréimhse 21 lá ó dháta déanta an ordaithe agus, faoi réir (A.15 An tAcht Meabhair-Shláinte, 2001).

Ciallaíonn Ordú Athnuachana ordú a dhéanann síciatraí sainchomhairleach atá freagrach as cúram agus cóireáil othair ag síneadh tréimhse coinneála an othair sin de réir an Achta Meachair-Shláinte, 2001 (A.15 An tAcht Meabhair-Shláinte, 2001).

Ciallaíonn Cónaitheoir duine atá ag fáil cúraim agus cóireála in ionad (A.62 An tAcht Meabhair-Shláinte, 2001)

Is é atá i gceist le hOthar de bhun an Achta Meabhair-Shláinte, 2001 ná duine lena mbaineann ordú glactha isteach nó ordú athnuachana (othar neamhdheonach) (A.14 An tAcht Meabhair-Shláinte, 2001)

Ciallaíonn Othar Deonach de bhun an Achta Meabhair-Shláinte, 2001 duine a fhaigheann cúram nó cóireáil in ionad formheasta nach bhfuil faoi réir ordú glactha isteach ná ordú athnuachana (nach bhfuil ina othar neamhdheonach) (A.2 An tAcht Meabhair-Shláinte, 2001).

Coimirce Cúirte Is é príomhaidhm na Coimircíochta ná aire a thabhairt do leas duine agus a chuid maoine a chosaint áit a meastar gur gá a leithéid a dhéanamh. Tá Oifig na gCoimircí Cúirte freagrach as an bpróiseas seo a riar. Tá dhá chineál Coimircíochta ann. Clúdaíonn ceann amháin daoine fásta a d'fhéadfadh cosaint na Cúirte a bheith de dhíth orthu toisc éagumas meabhrach. Clúdaíonn sé seo an chuid is mó de na daoine a ghlactar faoi Choimircíocht. Baineann an dara ceann le daoine faoi bhun 18 bliana d'aois a bhfuil cosaint na Cúirte de dhíth orthu toisc chúiseanna áirithe agus tugtar Mionúir orthu siúd a ghlactar faoi Choimircíocht.

CUID III

3.1 An Fhoirm a Chomhlánú

Caithfear foirm áireamh na n-othar cónaitheach a chomhlánú do na hothair uile ar chláir cónaitheoirí na n-ionad formheasta ar oíche an 7ú Samhain 2007.

3.2 Sonraí ag Teastáil

3.2.1 Colúin 1 – 3: Uimhir Aitheantais Uathúil an Chónaitheora

Is é atá i gceist le huimhir Aitheantais Uathúil an Chónaitheora ná uimhir uathúil arna húsáid ag an ionad formheasta chun gach cónaitheoir atá ar chlár an ionaid fhormheasta ar oíche an 7ú Samhain 2007 a aithint.

Nótaí maidir le faisnéis a chur isteach

Soláthraítear trí cholún ar an bhfoirm ceangailte don uimhir seo. Ní theastaíonn ón gCoimisiún Meabhair-Shláinte go gcomhlánófar ach ceann amháin de na colúin seo.

- Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (PSP) i gcolún 1, (an rogha nuair atá sé ar fáil)

NÓ

- Uimhir na cairte i gcolún 2

NÓ

- Uimhir leantach uathúil do gach cónaitheoir i gcolún 3 m.sh. 001, 002, 003 srl.

3.2.2 Colún 4: Earnáil

Nótaí maidir le faisnéis a chur isteach

Cuir isteach ainm na hearnála óna dtagann an cónaitheoir (mar atá sainithe de réir sheoladh an chónaitheora), má tá sé laistigh d'abhantrach meabhair-shláinte ar a bhfreastalaíonn an t-ionad formheasta. Má thagann an cónaitheoir ó áit lasmuigh den abhantrach seo, cuir isteach LA le do thoil lena léiriú go bhfuil an cónaitheoir ó áit lasmuigh den abhantrach meabhair-shláinte.

3.2.3 Colún 5: Dáta Breithe

Nótaí maidir le faisnéis a chur isteach

Cuir dáta breithe gach cónaitheora ar chlár an ionaid fhormheasta ar oíche an 7ú Samhain 2007 ar fáil don Choimisiún le do thoil. Ba chóir an dáta breithe a chur isteach san fhormáid seo a leanas:

- Má tá an dáta breithe ar eolas cuir isteach san fhormáid seo a leanas é:
  00/00/0000 (Lá/Mí/Bliain) m.sh. 18/07/2006

- Mura bhfuil an dáta breithe ar eolas ach go bhfuil an bhliain breithe ar eolas cuir isteach an bhliain san fhormáid seo a leanas:
  0000 m.sh. 2006.

- Mura bhfuil an dáta cruinn ná an bhliain breithe ar eolas, fág an colún seo folamh le do thoil.

3.2.4 Colún 6: Inscne

Nótaí maidir le faisnéis a chur isteach

Cuir isteach inscne an chónaitheora mar f nó b áit ina bhfuil:

- f = fireannach
- b = baineannach

3.2.5 Colún 7: Dáta Glactha Isteach

Sainmhínítear dáta glactha isteach an chónaitheora mar an dáta ar a glacadh cónaitheoir isteach don chéad uair san ionad formheasta seo agus gur fhan an cónaitheoir san ionad formheasta seo ón uair sin gan a bheith scaoilte amach.

Má aistrítear an cónaitheoir ó ionad formheasta eile nó ó áis shíciatrach d'othair chónaitheacha ó áiteanna lasmuigh den stát seo, is é an dáta glactha isteach ná an dáta ar a glacadh an cónaitheoir isteach san ionad formheasta seo don chéad uair.

Nótaí maidir le faisnéis a chur isteach

Caithfear an dáta glactha isteach a iontráil san fhormáid seo a leanas

- 00/00/0000 (lá/mí/bliain) m.sh. 18/07/2006

Mura bhfuil an dáta glactha isteach cruinn ar eolas, ach go bhfuil an bhliain glactha isteach ar eolas, cuir an bhliain inar glacadh isteach san fhormáid seo a leanas:

- 0000 m.sh. 2006.

Mura bhfuil an dáta ná an bhliain ar eolas, fág folamh le do thoil.

3.2.6 Colún 8: Stádas Dlíthiúil Reatha

Othar Deonach (cuir OD isteach sa cholún seo do na hothair dheonacha uile)

Ciallaíonn an téarma othar deonach, de bhun an Achta Meabhair-Shláinte, 2001 duine a fhaigheann cúram nó cóireáil in ionad formheasta nach bhfuil faoi réir ordú glactha isteach ná ordú athnuachana (nach bhfuil ina othar neamhdheonach) (A.2 An tAcht Meabhair-Shláinte, 2001).

Othair Neamhdheonacha (do na hothair neamhdheonacha uile cuir OND isteach sa cholún seo)

Tugtar othar ar othar neamhdheonach faoin Acht Meabhair-Shláinte, 2001.

Is é atá i gceist le hothar, de bhun an Achta Meabhair-Shláinte, 2001 ná duine lena mbaineann ordú glactha isteach nó ordú athnuachana (othar neamhdheonach) (A.14 An tAcht Meabhair-Shláinte, 2001. Chun go nglacfaí duine isteach go neamhdheonach faoin Acht Meabhair-Shláinte, 2001 caithfidh sé/sí a bheith faoi neamhord meabhrach.

San Acht Meabhair-Shláinte, 2001 ciallaíonn “neamhord meabhrach” tinneas meabhrach, tromnéaltrú nó míchumas suntasach intleachtúil ar neamhord meabhrach é a fhágann,

a) go bhfuil dóchúlacht mhór ann, mar gheall ar an tinneas, ar an míchumas nó ar an néaltrú, go ndéanfaidh an duine lena mbaineann díobháil láithreach agus tromchúiseach dó féin nó di féin nó do dhaoine eile, nó

b) (i) mar gheall ar dhéine an tinnis, an mhíchumais nó an néaltraithe, go bhfuil dochar chomh mór sin déanta do bhreithiúnas an duine lena mbaineann gur dócha, mura ndéanfaí é nó í a ghlacadh isteach in ionad ceadaithe, go dtiocfadh meath mór ar a riocht nó go gcoiscfí cóireáil chuí a thabhairt dó nó di, ar cóireáil í nach bhféadfaí a thabhairt ach amháin tríd an duine a ghlacadh isteach amhlaidh, agus

(ii) gur dócha, dá ndéanfaí an duine lena mbaineann a ghlacadh isteach, a choinneáil agus a chur faoi chóireáil in ionad ceadaithe, gur thairbhe don riocht atá ar an duine sin nó go maolófaí an riocht sin go feadh méid ábhartha.

Faoin Acht Meabhair-Shláinte, 2001:

ciallaíonn “tinneas meabhrach” staid mheabhrach duine a fhearann ar smaointeoireacht, ar aireachtáil, ar mhothúchán nó ar bhreithiúnas an duine agus a dhéanann dochar mór d’fheidhmiú meabhrach an duine go feadh méid a fhágann go bhfuil cúram nó cóireáil liachta ag teastáil uaidh nó uaithi ar mhaithe lena leas féin nó ar mhaithe le leas daoine eile;

ciallaíonn “tromnéaltrú” meath ar inchinn duine ar meath é a dhéanann dochar suntasach d’fheidhmiú intleachtúil an duine agus, dá bharr sin, a fhearann ar smaointeoireacht, ar thuiscint agus ar chuimhne, agus ina n-áirítear tromsiomtóim shíciatracha nó diansiomtóim iompraíochta ar nós ionsaitheachta fisicí;

ciallaíonn “míchumas suntasach intleachtúil” staid ina bhfuil forbairt meabhrach duine ina stad nó neamhiomlán ar staid í ina n-áirítear dochar suntasach d’intleacht agus d’fheidhmiú sóisialach agus iompar atá, ar thaobh an duine, ionsaitheach ar shlí mhínormálta nó go han-mhífhreagrach.

Coimirce Cúirte

Is é príomhaidhm na Coimircíochta ná aire a thabhairt do leas duine agus a chuid maoine a chosaint áit a meastar gur gá a leithéid a dhéanamh. Tá Oifig na gCoimircí Cúirte freagrach as an bpróiseas seo a riar. Tá dhá chineál Coimircíochta ann. Clúdaíonn ceann amháin daoine fásta a d'fhéadfadh cosaint na Cúirte a bheith de dhíth orthu toisc éagumas meabhrach. Clúdaíonn sé seo an chuid is mó de na daoine a ghlactar faoi Choimircíocht. Baineann an dara ceann le daoine faoi bhun 18 bliana d'aois a bhfuil cosaint na Cúirte de dhíth orthu toisc chúiseanna áirithe agus tugtar Mionúir orthu siúd a ghlactar faoi Choimircíocht.

Ó chomhairle dlí a fuarthas d'fhéadfadh stádas dlíthiúil othair (othair neamhdheonaigh) nó othair dheonaigh a bheith ag coimirce cúirte chomh maith.

Socruithe Idirthréimhseacha (A.72 An tAcht Meabhair-Shláinte, 2001)

Beidh duine a glacadh isteach roimhe seo faoin Acht Cóireála Meabhair-Ghalar, 1945 mar othair neamhdheonacha (sealadacha nó PUM) mar othar neamhdheonach (othar) do chúiseanna an áirimh seo ón 1^{ú} Samhain 2006 ar aghaidh. Féach A.72 An tAcht Meabhair-Shláinte, 2001 do shocruithe idirthréimhseacha do na daoine seo.

Nótaí maidir le faisnéis a chur isteach

Cuir isteach stádas dlíthiúil gach cónaitheora ar oíche an 7^{ú} Samhain 2007 le do thoil. Ba chóir an stádas dlíthiúil a chur isteach san fhormáid seo a leanas:

- Cuir isteach OD d'othar deonach
- Cuir isteach OND d'othar (othar neamhdheonach)
- Cuir isteach CC do choimirce cúirte
- Cuir isteach OD/CC d'othar deonach atá ina choimirce cúirte chomh maith
- Cuir isteach OND/CC d'othar (othar neamhdheonach) atá ina choimirce cúirte chomh maith

3.2.7 Colún 9: Diagnóis Phríomhúil ICD-10

Nótaí maidir le faisnéis a chur isteach

Cuir isteach an cód príomhúil ICD-10 mar atá taifeadta i gcairt an chónaitheora san fhormáid ICD-10 seo a leanas:

- Fx.xx

Mura bhfuil diagnóis taifeadta cuir isteach:

- NT do neamhthaifeadta

3.2.8 Colún 10: Diagnóis Thánaisteach ICD-10

Nótaí maidir le faisnéis a chur isteach

Má tá diagnóis tánaisteach ICD-10 cuir isteach mar atá thuas .i. Fx.xx. Mura bhfuil diagnóis thánaisteach taifeadta fág folamh le do thoil.

3.2.9 Colún 11: Láthair an Chónaitheora ar 7^{ú} Samhain 2007

Cuimsítear láthair reatha an chónaitheora le léiriú cibé an bhfuil cónaitheoir, ar chlár an ionaid fhormheasta san ionad formheasta faoi láthair nó ar saoire.

Nótaí maidir le faisnéis a chur isteach

- Cuir isteach CÓN (cónaitheoir san ionad formheasta) má tá an cónaitheoir san ionad formheasta ar oíche an áirimh, 7^{ú} Samhain 2007.

- Cuir isteach AL (as láthair ón ionad formheasta) má tá an cónaitheoir ar chlár an ionaid fhormheasta ach go bhfuil siad as láthair le cead ar oíche an áirimh, 7^{ú} Samhain 2007 (de bhun A.26 den Acht Meabhair-Shláinte, 2001).

- Cuir isteach ALGC (as láthair gan chead ón ionad formheasta) má tá an cónaitheoir ar chlár an ionaid fhormheasta ach go bhfuil siad as láthair gan chead ar oíche an áirimh, 7^{ú} Samhain 2007 (de bhun A.27 den Acht Meabhair-Shláinte, 2001).

3.2.10 Colún 12: Cineál Barda

Tá an Coimisiún Meabhair-Shláinte ag lorg an chineáil bharda ina bhfuil cónaitheoir, atá san ionad formheasta, ina chónaí ar oíche an áirimh, 7^{ú} Samhain 2007.

Is é atá i gceist le géaraonad síciatrach (GAS) ná aonad síciatrach atá lonnaithe i ngéarospidéal ginearálta de ghnáth (ach amháin géarleapacha atá sannaithe do dhaoine aosta faoi threoir chliniciúil shíciatraí sainchomhairleach seanaoise.

Is é atá i gceist le haonaid/leapacha géara síciatracha seanaoise (GASA) ná leapacha/aonaid géara faoi threoir chliniciúil shainfhoireann shíciatrach seanaoise a bhfuil comhairleoir i gceannas orthu. Ní gá do na leapacha seo a bheith in aonad/barda ar leith ón ngéaraonad ach caithfidh siad a bheith faoi threoir chliniciúil speisialtóir sa síciatracht seanaoise.

Is é barda fadtréimhseach (FT)(an téarma a úsáidtear chun bardaí a chur in iúl a úsáidtear do chónaitheoirí a bheidh ann ar feadh tréimhse fhada .i. cónaitheoir atá san ospidéal ar bhonn leanúnach le breis agus bliain anuas.

Ní aithnítear bardaí/aonaid athshlánaithe (BA) mar bhardaí/aonaid athshlánaithe ach amháin má tá siad faoi threoir chliniciúil shainfhoireann athshlánaithe a bhfuil comhairleoir i gceannas orthu (mura bhfuil sanntar mar bhardaí fadtréimhseacha iad).

Ní aithnítear bardaí/aonaid seanaoise (BSA) mar bhardaí/aonaid seanaoise ach amháin má tá siad faoi threoir chliniciúil shainfhoireann meabhair-shláinte seanaoise a bhfuil comhairleoir i gceannas orthu agus go gcuireann siad cúram leanúnach ar fáil do dhaoine aosta (mura bhfuil sanntar mar bhardaí fadtréimhseacha iad).

Is é atá i gceist le haonad dianchúraim/haonad grinnbhreathnadóireachta (ADC) ná aonad speisialta d'othair chónaitheacha laistigh de na seirbhísí meabhair-shláinte a chuireann grinnbhreathnadóireach agus cóireáil ar fáil d'othair nach féidir déileáil leo i ngéarbharda.

Nótaí maidir le faisnéis a chur isteach

Cuir isteach ceann díobh seo a leanas sa cholún atá curtha ar fáil:

- **GA** do Ghéaraonad (seachas géarleapacha atá sainithe do dhaoine aosta)
- **GASA** do Leapacha i nGéaraonaid Shíciatracha Seanaoise
- **FT** do Bharda Fadtréimhseach
- **BSA** do Bharda Seanaoise (ag soláthar cúraim leantaigh do dhaoine aosta)
- **BA** do Bharda/Aonad Athshlánaithe
- **ADC** do Aonad Dianchúraim/Aonad Grinnbhreathnadóireachta
- **NC** do Neamhchónaitheach ar oíche an áirimh

3.2.11 Colún 13: Seirbhísí Aistriúcháin ag Teastáil

Tá faisnéis á iarraidh ag an gCoimisiún Meabhair-Shláinte faoi cibé an bhfuil seirbhísí aistriúcháin ag teastáil nó nach bhfuil do chónaitheoirí ionaid formheasta ar oíche an áirimh, 7^{ú} Samhain 2007.

Nótaí maidir le faisnéis a chur isteach

- Cuir isteach Tá, má tá seirbhísí aistriúcháin ag teastáil, fág folamh mura bhfuil.
- Más tá an freagra atá ar an gceist seo agus má tá an teanga ina bhfuil na seirbhísí aistriúcháin ag teastáil ar eolas cuir ainm na teanga seo ar fáil don Choimisiún sa cholún seo.

3.2.12 Colún 14: Tír Bhreithe

Tá an tír breithe á iarraidh ag an gCoimisiún Meabhair-Shláinte do chónaitheoirí in ionaid formheasta ar oíche an áirimh, 7^{ú} Samhain 2007.

Nótaí maidir le faisnéis a chur isteach

- Cuir isteach an tír óna dtagann siad mar atá sé ar Chlár na gCónaitheoirí
- Mura bhfuil an t-eolas seo iomlán ar Chlár na gCónaitheoirí cuir isteach NF le cur i bhfios nach bhfuil sé ar fáil.